An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**EUCO 5/21**

**CO EUR 3**
**CONCL 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (24 agus 25 Bealtaine 2021) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. COVID-19

1. Tá géaraithe ar luas an vacsaínithe ar fud an Aontais agus ba cheart leanúint den luas géaraithe sin. Má dhéantar amhlaidh, agus leis an bhfeabhas atá tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch i gcoitinne, beifear in ann ár gcuid sochaithe a oscailt arís de réir a chéile. Mar sin féin, ní mór dúinn a bheith san airdeall maidir le teacht chun cinn agus leathadh na n-athraitheach agus gníomhú de réir mar is gá. Beidh fíorthábhacht ag baint leis an obair leanúnach atá ar siúl chun dlús a chur le táirgeadh na vacsaíní agus chun soláthar leordhóthanach ar fud an Aontais a chinntiú.

2. Anois agus an samhradh amach romhainn, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh le cur chuige comhordaithe a áirithiú. Ós mar sin atá, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go pras é. Mar chéad chéim eile, d'fhonn an tsaorghluaiseacht san Aontas a éascú, iarrann sí go ndéanfaí athbhreithniú faoi lár mhí an Mheithimh ar an Moladh ón gComhairle maidir le taisteal laistigh den Aontas. Is díol sásaimh di an t-athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle maidir le taisteal neamhriachtanach isteach san Aontas.

3. Ní choinneofar srian ar thionchar na paindéime ach trí fhreagairt chuimsitheach dhomhanda. Is é an tAontas an t-onnmhaireoir vacsaíní COVID-19 is mó chuig an domhan agus leanfaidh sé de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige cur leis an acmhainneacht táirgeachta domhanda vacsaíní chun freastal ar riachtanais an domhain mhóir. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair chun rochtain dhomhanda chothrom ar vacsaíní COVID-19 a áirithiú agus tacaíonn sí leis an ról ceannasach atá ag COVAX i ndáil leis an méid sin. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta géarú ar an luas atá faoi chomhroinnt na vacsaíní chun tacú leis na tíortha atá ar an nganncuid agus é d'aidhm ag an Aontas agus a Bhallstáit 100 milliún dáileog ar a laghad a dheonú faoi dheireadh na bliana, agus tá siad tiomanta cuidiú le forbairt na hacmhainneachta monaraíochta áitiúla i gcomhréir le Dearbhú na Róimhe maidir leis an gCruinniú Mullaigh Sláinte Domhanda.

## II. AN tATHRÚ AERÁIDE

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi an 10 agus an 11 Nollaig 2020. Is díol sásaimh di an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air i ndáil leis an Dlí Aeráide Eorpach.

5. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a phacáiste reachtach a chur ar aghaidh gan mhoill in éineacht le mionscrúdú ar an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal na mBallstát.

6. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas athnuaite na Stát Aontaithe do Chomhaontú Pháras. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil sé faoi réir leis an móiminteam domhanda a thapú agus iarrann sé ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe comhaltaí G20, cur lena n-uaillmhian in oirchill chruinniú COP26 i nGlaschú.

7. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhair sin ag am iomchuí nuair a thíolacfar na tograí ón gCoimisiún.

## III. AN BHEALARÚIS

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir tuirlingt éigeantach eitilte de chuid Ryanair i Mionsc na Bealarúise an 23 Bealtaine 2021, a chuir an tsábháilteacht eitlíochta i mbaol, agus coinneáil an iriseora Raman Pratasevich agus Sofia Sapega ag údaráis na Bealarúise.

9. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

   – iarrann sí go ndéanfaí Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a scaoileadh saor láithreach agus go ráthófaí a saorghluaiseacht;

   – iarrann sí ar an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta imscrúdú a dhéanamh go práinneach ar an teagmhas seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus nach bhfuil inghlactha;

   – iarrann sí ar an gComhairle liostuithe breise daoine agus eintiteas a ghlacadh a luaithe is féidir ar bhonn an chreata ábhartha smachtbhannaí;

- iarrann sí ar an gComhairle tuilleadh smachtbhannaí spriocdhírithe eacnamaíocha a ghlacadh agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh gan mhoill chun na críche sin;
- iarrann sí ar gach iompróir atá bunaithe san Aontas traseitiltí thar an mBealarúis a sheachaint;
- iarrann sí ar an gComhairle na bearta is gá a ghlacadh chun cosc a chur ar aerlínte na Bealarúise traseitiltí a dhéanamh thar aerspás an Aontais agus chun rochtain ar aerfoirt an Aontais ag eitiltí arna n-oibriú ag na haerlínte sin a chosc;
- seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis an Laitvia tar éis taidhleoirí de chuid na Laitvia a bheith díbeartha gan údar.

10. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

## IV. <u>AN RÚIS</u>

11. Bhí díospóireacht straitéiseach ag an gComhairle Eorpach faoin Rúis.

12. Cáineann sí na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha gríosaitheacha suaiteacha atá déanta ag an Rúis i gcoinne an Aontais, a Bhallstát agus páirtithe is faide i gcéin. Athdhearbhaíonn sí aontacht agus dlúthpháirtíocht an Aontais in éadan na ngníomhartha sin, agus tacaíocht an Aontais do chomhpháirtithe an Oirthir.

13. Cuireann an Chomhairle Eorpach a dlúthpháirtíocht le Poblacht na Seice in iúl agus tacaíonn sí leis an bhfreagairt uaithi.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta do na cúig phrionsabal lena rialaítear beartas an Aontais i leith na Rúise. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh ina mbeidh roghanna beartais maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Rúis, i gcomhréir leis na prionsabail sin, ag féachaint don chruinniú atá le bheith aici i mí an Mheithimh 2021.

15. Leanfaidh an tAontas den chomhordú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis.

## V. AN RÍOCHT AONTAITHE

16. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021. Leis an gComhaontú sin, i dteannta an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus na bPrótacal a ghabhann leis, cuirtear creat ar fáil don chaidreamh atá le bheith againn leis an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an dá Chomhaontú a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus ba cheart a struchtúir rialachais a dhéanamh oibríochtúil.

17. Leis an dá Chomhaontú, féadfaidh an tAontas an chomhpháirtíocht is dlúithe is féidir a bheith aige leis an Ríocht Aontaithe agus, san am céanna, aithnítear leis an dá Chomhaontú nach féidir le tír nach tír den Aontas Eorpach í leas a bhaint as na sochair chéanna a bheadh ag Ballstát agus nach mór an caidreamh a bheith bunaithe i gcónaí ar chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí. Ba cheart go leanfadh an caidreamh leis an Ríocht Aontaithe de bheith chun leasa an dá thaobh agus ní féidir leis, in imthosca ar bith, an bonn a bhaint ó iomláine an Mhargaidh Aonair, ón Aontas Custaim ná ó uathriail chinnteoireachta an Aontais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ríocht Aontaithe prionsabal an neamh-idirdhealaithe i measc na mBallstát a urramú.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí cur chun feidhme iomlán na gComhaontuithe a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí chearta shaoránaigh an Aontais, an iascaigh agus an chothroim iomaíochta de, agus lánúsáid á baint as na hionstraimí atá ar fáil faoi na Comhaontuithe, i gcomhordú leanúnach agus in idirphlé buan leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin i gcomhréir leis an gcleachtas seanbhunaithe.

19. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú agus leanfaidh an tAontas de bheith aontaithe ina chaidreamh leis an Ríocht Aontaithe.

## VI. AN MEÁNOIRTHEAR

20. Is díol sásaimh dúinn an sos comhraic ar cheart go gcuirfeadh sé deireadh leis an bhforéigean. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta ar phróiseas polaitiúil a atosú. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé lántiomanta don réiteach dhá stát.

## VII. MAILÍ

21. Tá an tAontas ar aon intinn leis an dearbhú ó ECOWAS agus ón Aontas Afracach agus cáineann sé go láidir fuadach Uachtarán an Aistrithe i Mailí agus an Phríomh-Aire agus iarrann sé go scaoilfí saor láithreach bonn iad.

22. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun bearta spriocdhírithe a bhreithniú i gcoinne ceannairí polaitiúla agus míleata a chuireann bac ar an aistriú i Mailí.